# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2022

# Scéim Marcála

# Oideachas Reiligiúnach

# Gnáthleibhéal

## Nóta do mhúinteoirí agus do dhaltaí ar úsáid scéimeanna marcála foilsithe

Níl sé i gceist go mbeidh scéimeanna marcála atá foilsithe ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit ina ndoiciméid aonair. Is acmhainn riachtanach iad le haghaidh scrúdaitheoirí a gcuirtear oiliúint orthu maidir le léirmhíniú ceart a fháil ar an scéim agus cur i bhfeidhm ceart na scéime. Is éard atá i gceist leis an oiliúint seo, i measc nithe eile, samplaí marcála obair daltaí agus na marcanna a bhronntar a phlé, chun cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Ina dhiaidh sin déanann na Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na gceartaitheoirí chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach agus cruinn na scéime marcála a chinntiú. Déanann an Príomhscrúdaitheoir maoirseacht ar an bpróiseas seo, le cabhair ó Phríomhscrúdaitheoir Comhairleach de ghnáth. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh maidir le cé acu ar cuireadh an scéim marcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa oibre iarrthóra nó nár cuireadh.

Is dréachtdhoiciméid iad scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim marcála roimh an scrúdú, ní chuirtear an scéim i gcrích go dtí go gcuireann ceartaitheoirí i bhfeidhm í ar obair iarrthóirí agus go mbailítear an t-aiseolas ó na ceartaitheoirí go léir agus go ndéantar é a mheas i bhfianaise réimse iomlán fhreagraí na n-iarrthóirí, leibhéal iomlán deacrachta an scrúdaithe agus an gá le comhsheasmhacht a chaomhnú ó thaobh caighdeáin de ó bhliain go bliain. Tá an scéim deiridh ar fáil sa doiciméad foilsithe sin, de réir mar a cuireadh i bhfeidhm í ar obair na n-iarrthóirí go léir.

I gcás scéimeanna marcála a chuimsíonn réitigh shamplacha nó freagraí samplacha, is fiú a thabhairt faoi deara nach bhfuil sé i gceist go mbeidh siad uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go mbeadh malairtí leagain agus leaganacha difriúla inghlactha. Ní mór do cheartaitheoirí gach freagra a mheas de réir a bhfiúntais, agus moltar dóibh dul i gcomhairle lena gCeartaitheoirí Comhairleacha i gcás amhrais.

## Scéimeanna Marcála sa Todhchaí

Ba chóir aon tuairimí faoi scéimeanna marcála sa todhchaí bunaithe ar scéimeanna ón am atá thart a sheachaint. Cé go bhfuil na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, d'fhéadfadh sé go mbeadh athrú ar na sonraí a bhaineann le marcáil cineál faoi leith ceiste i bhfianaise fheidhm na ceiste sin sa scrúdú trí chéile in aon bhliain ar leith. Tá an fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir in aon bhliain ar leith cinneadh a dhéanamh ar conas is fearr a chinntiú go mbeidh measúnú cóir agus cruinn ar obair iarrthóirí agus chun a chinntiú go mbeidh comhsheasmhacht ann maidir le caighdeán an mheasúnaithe ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh athrú ar ghnéithe den struchtúr, mionsonraí agus cur i bhfeidhm na scéime marcála maidir le scrúdú faoi leith ó bhliain amháin go bliain eile gan fógra.

## Réamhrá Ginearálta

Tá an measúnú ar Oideachas Reiligiúnach san Ardteistiméireacht Ardleibhéil bunaithe ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí gach roinne de shiollabas an Oideachais Reiligiúnaigh don Ardteistiméireacht a d’fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Scileanna in 2003.

Nuair a ghrádaítear marc i scéim mharcála an scrúdaithe, bronntar an marc do fhreagra an iarrthóra laistigh de raon ó shármhaith go han-mhaith, maith, réasúnta, lag, an-lag agus gan grád ar bith. In go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí ina bhfuil an t-eolas agus na smaointe a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh. Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.

Níl na tuairiscí, na sainmhínithe ná na pointí a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile. Más rud é go bhfuil tú neamhchinnte faoi bhailíocht freagra mhalartaigh, téigh i gcomhairle le do Scrúdaitheoir Comhairleach.

## Scrúdú na hArdteistiméireachta - Oideachas Reiligiúnach
## Marcáil ar líne
## Nótaí Mínithe Deiridh don Scrúdú

| Nóta mínithe | Cur síos | Arna Léiriú |
|---|---|---|
| **MC** ✓ | Cód **MC** ✓ ar an imeall clé de fhreagarleabhar an iarrthóra. | An chéad píosa fianaise maidir le Critéir Mharcála na ceiste i bhfreagarleabhar an iarrthóra. |
| **MC**$^{X}$ | Cód **MC**$^{X}$ ar an imeall clé de fhreagarleabhair an iarrthóra. | Níl aon fhianaise maidir le Critéir Mharcála na ceiste i bhfreagarleabhar an iarrthóra. |
| **[** | Cód **]** ar an imeall clé de fhreagarleabhar an iarrthóra. | Tús de fhreagra dúblach do cheist ar bronnadh marcanna air cheana. |
| **]** | Cód **]** ar an imeall clé de fhreagarleabhar an iarrthóra. | Críoch de fhreagra dúblach do cheist ar bronnadh marcanna air cheana. |
| ⌇ | Cód ⌇ líne ingearach chorrach ar an imeall clé de fhreagarleabhar an iarrthóra. | Leathanach bán feicthe ag an scrúdaitheoir/<br>Níl aon fhianaise feicthe ag an scrúdaitheoir de fhreagra an iarrthóra ar an leathanach seo. |

**AONAD A hAON**

Caithfidh iarrthóirí codanna (a) agus (b) a fhreagairt ó **cheann amháin** de na trí cheist seo a leanas.

**Roinn A Ceist 1 (a)**
**Tabhair breac-chuntas ar conas is féidir tuiscint den chineál céanna ar Dhia a fháil sna reiligiúin seo:**
**● An Chríostaíocht ● An tIoslamachas ● An Giúdachas 40M**

*Critéir Mharcála agus pointí tagartha*
Léireoidh freagra den scoth tuiscint ar choincheap Dé/an diagacht trí eolas cruinn a leagan amach ar chosúlacht sa tuiscint ar Dhia atá le fáil sna reiligiúin atá liostaithe sa cheist m.sh.

- Le sonrú sna trí reiligiún aondiacha go léir tá creideamh in aon Dia amháin. Samhlaítear an Dia seo mar an té a chruthaigh gach uile rud agus é lách agus trócaireach srl.
- Srl.

Nóta: Glac le tagairt intuigthe do na reiligiúin liostáilte sa cheist.

| A 1 (a) | SÁRMHAITH | AN-MHAITH | MAITH | RÉASÚNTA | LAG - AN LAG - GAN AON GHRÁD | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Fianaise ar MC — cosúlacht sa tuiscint atá acu ar Dhia sna reiligiúin atá liostáilte | fianaise shubstaintiúil | fianaise an-mhaith | fianaise mhaith | fianaise leordhóthanach | fianaise uireasach | fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise |
| Baint | baint iomlán agus shoiléir | baint shoiléir | baint ghinearálta | baint theoranta | baint bheag | Gan bhaint |
| Úsáid scile(anna) - chun eolas cruinn a leagan amach | eolas leagtha amach go sármhaith | eolas leagtha amach go han-mhaith | eolas leagtha amach go maith | roinnt eolais leagtha amach | is beag an t-eolas atá leagtha amach | is an-beag an t-eolas atá leagtha amach/ní leagtar eolas amach |
| Cruinneas Fíorasach | gan aon mhór-earráid(í) | is an-bheag an earráid/na hearráidí atá ann | is beag na mór-earráidí atá ann | roinnt mór-earráidí ann | mórán mór-earráidí ann | earráid shubstaintiúil/earráidí substaintiúla ann |
| 40 Marc | 40 - 34 | 33 - 28 | 27 - 22 | 21 - 16 | 15 - 10 | 9 - 0 |

**Roinn A Ceist 1 (b)**
**Déan cur síos ar shamplaí den chaoi a raibh ról ag an ildiachas sna scéalta in dhá cheann de na reiligiúin atá luaite i gcuid (a) thuas. 20Mx2**

*Critéir Mharcála agus pointí tagartha*
Léireoidh freagra den scoth eolas ar choincheapa an aondiachais agus an ildiachais trí chuntas cruinn a thabhairt ar an gcaoi a raibh ról ag creideamh ina lán déithe i scéalta dhá reiligiún atá liostaithe i gcuid (a) den cheist e.g.

- An Chríostaíocht – bunaithe ag am nuair a bhí an Phalaistín faoi riail na Róimhe a raibh creidimh ildiacha acu; bunaíodh cuid de na chéad phobail Chríostaí in áiteanna a bhain le cleachtais ildiacha e.g. Teasaloinicé srl.
- An tIoslamachas - In aimsir Mhahamad bhí daoine i Meice ag adhradh go leor déithe; bhí Mahamad ag seanmóireacht agus ba í an teachtaireacht a bhí aige ná nach bhfuil ach Dia amháin amháin srl.
- An Giúdachas – Bunaíodh Cúnant Abrahám leis an Tiarna (YHWH) ag am nuair a creideadh go forleathan i go leor déithe sa Chanán srl.

| A 1 (b) | SÁRMHAITH | AN-MHAITH | MAITH | RÉASÚNTA | LAG - AN LAG - GAN AON GHRÁD | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Fianaise ar MC — an ról a bhí ag an tuiscint go raibh go leor déithe ann i scéalta an dá reiligiún a liostaítear | fianaise shubstaintiúil | fianaise an-mhaith | fianaise mhaith | fianaise leordhóthanac h | fianaise uireasach | fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise |
| Baint | baint iomlán agus shoiléir | baint shoiléir | baint ghinearálta | baint theoranta | baint bheag | Gan bhaint |
| Úsáid scile(anna) - chun cuntas cruinn a thabhairt | Cuntas sármhaith | Cuntas an-mhaith | Cuntas maith | Cuntas éigin | is beag an cuntas a thugtar | is fíorbheag cuntas a thugtar/ní thugtar cuntas ar bith |
| Cruinneas Fíorasach | gan aon mhór-earráid(í) | is an-bheag an earráid/ na hearráidí atá ann | is beag na mór-earráidí atá ann | roinnt mór-earráidí ann | mórán mór-earráidí ann | earráid shubstaintiúil/earráidí substaintiúla ann |
| 20 Marc x2 | 20 - 17 | 16 - 14 | 13 - 11 | 10 - 8 | 7 - 5 | 4 - 0 |

**Roinn A Ceist 2 (a)**
**Bíonn ról tábhachtach ag siombailí sa chumarsáid idir dhaoine.**
**Pléigh an fhianaise leis an ráiteas thuas, agus déan tagairt do dhá shampla den chaoi a n-úsáideann daoine an lae inniu siombailí lena gcuardach ar bhrí na beatha a léiriú. 20M x2**

*Critéir Mharcála agus pointí tagartha*
Léireoidh freagra den scoth tuiscint ar theanga shiombalach trí thátail a bhaint agus iad a iniúchadh faoi dhá shampla de conas mar a bhaineann daoine ar thóir bhrí na beatha sa lá atá inniu leas as siombailí chun cur síos a dhéanamh ar a gcuardach m.sh.

- Tá sé níos éasca coincheapa teibí a mhíniú le siombailí m.sh. cuireann comhartha na croise in iúl an creideamh Críostaí go bhfuil Dia ann i dtrí fhoirm ag an am céanna srl.
- Cuireann siombailí brí agus mothúchán domhain in iúl a bheadh sé ródheacair chun é a chur in iúl i bhfocail go minic m.sh. fáinne pósta á chaitheamh ag duine chun an tiomantas síoraí don ghrá idir lánúin phósta a chur in iúl go mbeadh sé deacair é a chur in iúl mura n-úsáidtear ach focail ina n-aonar srl.

Nóta: Glac le freagraí tuairisciúla agus tagairt intuigthe do dhul ar thóir bhrí na beatha.

| A 2 (a) | SÁRMHAITH | AN-MHAITH | MAITH | RÉASÚNTA | LAG - AN LAG - GAN AON GHRÁD | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Fianaise ar MC dhá shampla den leas a bhaintear as siombailí chun an cuardach i ndiaidh bhrí na beatha a chur in iúl. | fianaise shubstaintiúil | fianaise an-mhaith | fianaise mhaith | fianaise leordhóthanach | fianaise uireasach | fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise |
| Baint | baint iomlán agus shoiléir | baint shoiléir | baint ghinearálta | baint theoranta | baint bheag | Gan bhaint |
| Úsáid scile(anna) - iniúchadh a dhéanamh ar thátail chomh maith le tátail a bhaint | Iarracht den scoth ó thaobh iniúchadh a dhéanamh ar thátail chomh maith le tátail a bhaint | Iarracht an-mhaith ó thaobh iniúchadh a dhéanamh ar thátail chomh maith le tátail a bhaint | Iarracht mhaith ó thaobh iniúchadh a dhéanamh ar thátail chomh maith le tátail a bhaint | Roinnt fianaise le sonrú d'iniúchadh a dhéanamh ar thátail chomh maith le tátail a bhaint | Is beag fianaise atá le sonrú d'iniúchadh a dhéanamh ar thátail chomh maith le tátail a bhaint | Is fíorbheag fianaise atá le sonrú d'iniúchadh a dhéanamh ar thátail chomh maith le tátail a bhaint |
| Cruinneas Fíorasach | gan aon mhór-earráid(í) | is an-bheag an earráid/ na hearráidí atá ann | is beag na mór-earráidí atá ann | roinnt mór-earráidí ann | mórán mór-earráidí ann | earráid shubstaintiúil/ earráidí substaintiúla ann |
| 20 Marc x2 | 20 - 17 | 16 - 14 | 13 - 11 | 10 - 8 | 7 - 5 | 4 - 0 |

**Roinn A Ceist 2 (b) (i)**
**Samhlaigh go raibh Sócraitéas faoi agallamh inniu faoina thuairimí ar — cuspóir agus aidhm na beatha…**
**Ón eolas atá agat faoi thuairimí Shócraitéas ar chuspóir agus aidhm na beatha, tabhair achoimre ar a ndéarfadh sé mar fhreagra ar na ceisteanna seo, dar leat:**
**Cén fáth ar chuir tú béim ar do thuairimí ar chuspóir agus aidhm na beatha don phobal sa tSean-Ghréig le do linnse? 20M**

*Critéir Mharcála agus pointí tagartha*
Léireoidh freagra iontach eolas ar mhachnamh fealsúnach na Sean-Ghréige trí eolas cruinn a leagan amach faoi cén fáth go raibh smaointe Shócraitéas faoi chuspóir agus faoi aidhm na beatha ábhartha do lucht a linne sa tSean-Ghréig m.sh.

- Bhí Sócraitéas i gcoinne na Sofaistí a d'áitigh nach raibh a leithéid de rud ann agus leas iomlán; rinne Sócraitéas an cás ar son oibiachtúlacht na luachanna amhail ceartas, maitheas, agus fírinne, a rá go bhféadfaí iad a bhaint amach trí shaol chóir a chaitheamh srl.
- Thug Sócraitéas a ndúshlán do mhuintir na Sean-Ghréige trí dul i mbun sraith de dhialóga ar mhaithe le teacht ar an bhfírinne faoi conas gur cheart do dhuine saol maith agus morálta a chaitheamh srl.
- Srl.

| A 2 (b) (i) | SÁRMHAITH | AN-MHAITH | MAITH | RÉASÚNTA | LAG - AN LAG - GAN AON GHRÁD | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Fianaise ar MC — Ábharthacht thuairimí Shócraitéas faoi chuspóir agus faoi aidhm na beatha do phobal Sean-Ghréagach a linne | fianaise shubstaintiúil | fianaise an-mhaith | fianaise mhaith | fianaise leordhóthanach | fianaise uireasach | fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise |
| Baint | baint iomlán agus shoiléir | baint shoiléir | baint ghinearálta | baint theoranta | baint bheag | Gan bhaint |
| Úsáid scile(anna) - leagadh amach an eolais | eolas leagtha amach go sármhaith | eolas leagtha amach go han-mhaith | eolas leagtha amach go maith | roinnt eolais leagtha amach | is beag an t-eolas atá leagtha amach | is an-beag an t-eolas atá leagtha amach/ní leagtar eolas amach |
| Cruinneas Fíorasach | gan aon mhór-earráid(í) | is an-bheag an earráid/na hearráidí atá ann | is beag na mór-earráidí atá ann | roinnt mór-earráidí ann | mórán mór-earráidí ann | earráid shubstaintiúil/earráidí substaintiúla ann |
| 20 marc | 20 - 17 | 16 - 14 | 13 - 11 | 10 - 8 | 7 - 5 | 4 - 0 |

**Roinn A Ceist 2 (b) (ii)**
**Samhlaigh go raibh Sócraitéas faoi agallamh inniu faoina thuairimí ar — cuspóir agus aidhm na beatha…**
**Ón eolas atá agat faoi thuairimí Shócraitéas ar chuspóir agus aidhm na beatha, tabhair achoimre ar a ndéarfadh sé mar fhreagra ar na ceisteanna seo, dar leat:**
**Conas a chuideodh do thuairimí ar chuspóir agus aidhm na beatha le daoine an lae inniu ann agus iad ag cuardach bhrí na beatha? 20M**

*Critéir Mharcála agus pointí tagartha*
Léireoidh freagra den scoth eolas ar mhachnamh fealsúnach na Sean-Ghréige trí eolas cruinn a leagan amach faoi conas is féidir le smaointe Shócraitéas faoi aidhm agus faoi chuspóir na beatha cabhrú le lucht na linne seo dul ar thóir bhrí na beatha m.sh.

- Mhúin Sócraitéas go bhfuil cuspóir agus aidhm ag an saol, i.e. maireachtáil go suáilceach, rud a d'fhéadfadh a bheith cabhrach do dhaoine sa lá atá inniu ann ó thaobh cuspóir a aimsiú ina saol féin srl.
- Déanann Sócraitéas daoine a spreagadh freisin chun na luachanna agus na tuiscintí a shíltear a bheith ann a cheistiú, rud a d'fhéadfadh cabhrú le daoine sa lá atá inniu ann trí iad a spreagadh chun machnamh grinn a dhéanamh ar ghnásanna na linne seo srl.
- Srl.

| A 2 (b) (ii) | SÁRMHAITH | AN-MHAITH | MAITH | RÉASÚNTA | LAG - AN LAG - GAN AON GHRÁD | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Fianaise ar MC — conas is féidir le smaointe Sócraitéas faoi chuspóir na beatha cabhrú le daoine sa lá atá inniu ann agus iad sa tóir ar bhrí na beatha? | fianaise shubstaintiúil | fianaise an-mhaith | fianaise mhaith | fianaise leordhóthanach | fianaise uireasach | fíorbheagán fianaise/ gan aon fhianaise |
| Baint | baint iomlán agus shoiléir | baint shoiléir | baint ghinearálta | baint theoranta | baint bheag | Gan bhaint |
| Úsáid scile(anna) - leagadh amach an eolais | eolas leagtha amach go sármhaith | eolas leagtha amach go han-mhaith | eolas leagtha amach go maith | roinnt eolais leagtha amach | is beag an t-eolas atá leagtha amach | is an-beag an t-eolas atá leagtha amach/ní leagtar eolas amach |
| Cruinneas Fíorasach | gan aon mhór-earráid(í) | is an-bheag an earráid/ na hearráidí atá ann | is beag na mór-earráidí atá ann | roinnt mór-earráidí ann | mórán mór-earráidí ann | earráid shubstaintiúil/earráidí substaintiúla ann |
| 20 marc | 20 - 17 | 16 - 14 | 13 - 11 | 10 - 8 | 7 - 5 | 4 - 0 |

**Roinn A Ceist 3 (a)**
**Uaireanta tagraíonn daoine sa lá atá inniu ann do bhraistint na 'naofachta', rud a chuidíonn leo agus iad sa tóir ar bhrí na beatha.**
**Déan cur síos ar dhá shampla den chaoi a bhféadfadh braistint na 'naofachta' cuidiú le duine agus é/í sa tóir ar bhrí na beatha. 20Mx2**

*Critéir Mharcála agus pointí tagartha*
Léireoidh freagra den scoth tuiscint ar spioradáltacht i gcultúr na linne seo trí chuntas cruinn a thabhairt ar dhá shampla ar conas is féidir le braistint de 'naofacht' cabhrú le duine agus é/í ag iarraidh teacht ar bhrí na beatha m.sh.

- D'fhéadfadh daoine sa lá atá inniu ann iompú ar an naofacht, d'fhonn brí sa saol a aimsiú ar bhealach níos doimhne nach bhfuil chomh héadrom sin seachas dul i muinín gnéithe ábharaíocha an tsaoil srl.
- Is féidir le paidreoireacht, machnamh, oilithreacht srl. an deis a thabhairt do dhaoine brí a chuardach ina saol féin srl.
- Srl.

Nóta: Glac le tagairt intuigthe do dhul ar thóir bhrí na beatha.

| A 3 (a) | SÁRMHAITH | AN-MHAITH | MAITH | RÉASÚNTA | LAG - AN LAG - GAN AON GHRÁD | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Fianaise ar MC — Dhá shampla den chaoi a bhféadfadh braistint na 'naofachta' cuidiú le duine agus é/í sa tóir ar bhrí na beatha. | fianaise shubstaintiúil | fianaise an-mhaith | fianaise mhaith | fianaise leordhóthanach | fianaise uireasach | fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise |
| Baint | baint iomlán agus shoiléir | baint shoiléir | baint ghinearálta | baint theoranta | baint bheag | Gan bhaint |
| Úsáid scile(anna) chun cuntas cruinn a thabhairt | Cuntas sármhaith | Cuntas an-mhaith | cuntas maith | cuntas éigean | is beag an cuntas a thugtar | is fíorbheag cuntas a thugtar/ní thugtar cuntas |
| Cruinneas Fíorasach | gan aon mhór-earráid(í) | is an-bheag an earráid/na hearráidí atá ann | is beag na mór-earráidí atá ann | roinnt mór-earráidí ann | mórán mór-earráidí ann | earráid shubstaintiúil/earráidí substaintiúla ann |
| 20 marc x 2 | 20 - 17 | 16 - 14 | 13 - 11 | 10 - 8 | 7 - 5 | 4 - 0 |

**Roinn A Ceist 3 (b)**

**Tabhair breac-chuntas ar conas a thabharfaí aghaidh ar cheist faoi bhrí na beatha ó thaobh gach ceann de na dearcthaí seo: ●An tAindiachas●An tAgnóiseachas 20Mx2**

*Critéir Mharcála agus pointí tagartha*

Léireoidh freagra den scoth léirthuiscint ar chruinneshamhlacha neamhreiligiúnacha trí eolas cruinn a leagan amach ar cén freagra a bheadh ag an aindiachas agus an agnóiseachas ar cheist faoi bhrí na beatha m.sh.

- Aindiachas – an dearcadh gurb é an bás deireadh an tsaoil agus nach bhféadfadh an corp ná an chomhfhiosacht leanúint ar aghaidh mar níl sé sin indéanta de réir dhlíthe na fisice srl.
- Agnóiseachas – an dearcadh nach féidir fios a bheith againn faoi cad a tharlaíonn tar éis bás a fháil mar níl an eolaíocht ná an réasún in ann míniú a thabhairt air srl.

Nóta: Glac le tagairt intuigthe do cheist faoi bhrí na beatha.

| A 3 (b) | SÁRMHAITH | AN-MHAITH | MAITH | RÉASÚNTA | LAG - AN LAG - GAN AON GHRÁD | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Fianaise ar MC — cén freagra a thabharfadh an t-aindiachas agus an t-agnóiseachas ar cheist faoi bhrí na beatha | fianaise shubstaintiúil | fianaise an-mhaith | fianaise mhaith | fianaise leordhóthanach | fianaise uireasach | fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise |
| Baint | baint iomlán agus shoiléir | baint shoiléir | baint ghinearálta | baint theoranta | baint bheag | Gan bhaint |
| Úsáid scile(anna) - leagadh amach an eolais | eolas leagtha amach go sármhaith | eolas leagtha amach go han-mhaith | eolas leagtha amach go maith | roinnt eolais leagtha amach | is beag an t-eolas atá leagtha amach | is an-beag an t-eolas atá leagtha amach/ní leagtar eolas amach |
| Cruinneas Fíorasach | gan aon mhór-earráid(í) | is an-bheag an earráid/na hearráidí atá ann | is beag na mór-earráidí atá ann | roinnt mór-earráidí ann | mórán mór-earráidí ann | earráid shubstaintiúil/earráidí substaintiúla ann |
| 20 Marc x2 | 20 - 17 | 16 - 14 | 13 - 11 | 10 - 8 | 7 - 5 | 4 - 0 |

**AONAD A DÓ**

Ní mór d'iarrthóirí dhá cheann ar bith de chodanna: a), b), c) a fhreagairt as ceann **amháin** de na trí roinn seo a leanas.

**Roinn B (a)**
**Tabhair breac-chuntas ar dhá shlí ar ghabh teagasc Íosa Nazórach lena linn féin dúshlán ar údaráis pholaitiúla na Róimhe sa Phalaistín. 20Mx2**

*Critéir Mharcála agus pointí tagartha*
Léireoidh freagra den scoth tuiscint ar an gcomhthéacs polaitiúil sa Phalaistín i ré Íosa trí eolas cruinn a leagan amach ar dhá bhealach a raibh údaráis pholaitiúla na Róimhe sa Phalaistín faoi bhagairt ag teagasc Íosa ó Nazarat le linn a shaoil m.sh.

- Thabharfadh teagasc Íosa a dhúshlán don struchtúr sóisialta céimlathach docht a bhí ag na Rómhánaigh srl.
- Breathnaíodh ar bhriathar Íosa faoi Ríocht Dé mar dhúshlán díreach do chumhacht agus d'údarás Chaesair, duine ar cheap na Rómhánaigh gurb eisean an t-aon Rí é srl.
- Srl.

| B (a) | SÁRMHAITH | AN-MHAITH | MAITH | RÉASÚNTA | LAG - AN LAG - GAN AON GHRÁD | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Fianaise ar MC — dhá chúis a cheap údaráis pholaitiúla na Róimhe go raibh siad faoi bhagairt ag teagasc Íosa. | fianaise shubstaintiúil | fianaise an-mhaith | fianaise mhaith | fianaise leordhóthanach | fianaise uireasach | fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise |
| Baint | baint iomlán agus shoiléir | baint shoiléir | baint ghinearálta | baint theoranta | baint bheag | Gan bhaint |
| Úsáid scile(anna) - leagadh amach an eolais | eolas leagtha amach go sármhaith | eolas leagtha amach go han-mhaith | eolas leagtha amach go maith | roinnt eolais leagtha amach | is beag an t-eolas atá leagtha amach | is an-beag an t-eolas atá leagtha amach/ní leagtar eolas amach |
| Cruinneas Fíorasach | gan aon mhór-earráid(í) | is an-bheag an earráid/na hearráidí atá ann | is beag na mór-earráidí atá ann | roinnt mór-earráidí ann | mórán mór-earráidí ann | earráid shubstaintiúil/ earráidí substaintiúla ann |
| 20 marc x 2 | 20 - 17 | 16 - 14 | 13 - 11 | 10 - 8 | 7 - 5 | 4 - 0 |

**Roinn B (b)**
**Scrúdaigh an tionchar a bhí ag bás agus aiséirí Íosa ar a chéad deisceabail i gcás dhá cheann acu seo: ● Feasacht Pobail ● Braistint Mhisin**
**● Tuiscint ar Íosa mar Idirghabhálaí an tSlánaithe. 20Mx2**

*Critéir Mharcála agus pointí tagartha*
Léireoidh freagra den scoth tuiscint ar Íosa ó Nazarat trí fhéachaint go grinn ar an tionchar a bhí ag a bhás agus a aiséirí ar na chéad deisceabail ar dhá cheann de na bealaí atá liostaithe sa cheist m.sh.

- Feasacht pobail - an tábhacht a bhain le gach a raibh acu a roinnt lena chéile agus a chinntiú nach raibh aon duine sa phobal i ngátar srl.
- Braistint Mhisin – Thug an t-ordú a thug Íosa go ndéanfaí deisceabail as cách ugach do na deisceabail dul amach sa saol ag seanmóireacht faoi Íosa mar an Tiarna a tháinig ar ais ó na mairbh srl.
- Idirghabhálaí an tslánaithe - tar éis bháis agus aiséirí Íosa bhí muinín ag na deisceabail as arís, chreid siad gurb é an Slánaitheoir é agus chrom siad ar theidil nua a úsáid (Tiarna, Idirghabhálaí, Mac Dé) srl.

Nóta: Glac le tagairt intuigthe do dhá bhealach liostáilte sa cheist.

| B (b) | SÁRMHAITH | AN-MHAITH | MAITH | RÉASÚNTA | LAG - AN LAG - GAN AON GHRÁD | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Fianaise ar MC — dhá bhealach (as na cinn atá liostáilte) ina ndeachaigh bás agus aiséirí Íosa i bhfeidhm ar na chéad deisceabail a bhí aige. | fianaise shubstaintiúil | fianaise an-mhaith | fianaise mhaith | fianaise leordhóthanach | fianaise uireasach | fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise |
| Baint | baint iomlán agus shoiléir | baint shoiléir | baint ghinearálta | baint theoranta | baint bheag | Gan bhaint |
| Úsáid scil(eanna) féachaint go grinn | súil ghéar caite go sármhaith | súil ghéar caite go han-mhaith | súil ghéar caite go maith | súil ghéar caite go pointe | súil ghéar caite go lag | súil ghéar caite go han-lag/gan súil ghéar caite |
| Cruinneas Fíorasach | gan aon mhór-earráid(í) | is an-bheag an earráid/ na hearráidí atá ann | is beag na mór-earráidí atá ann | roinnt mór-earráidí ann | mórán mór-earráidí ann | earráid shubstaintiúil/earráidí substaintiúla ann |
| 20 marc x 2 | 20 - 17 | 16 - 14 | 13 - 11 | 10 - 8 | 7 - 5 | 4 - 0 |

**Roinn B (c)**
**Déan cur síos ar dhá ní a raibh tionchar acu ar phobail Chríostaí an lae inniu ar fhilleadh dóibh ar bhunteachtaireacht Íosa Nazórach. 20Mx2**

*Critéir Mharcála agus pointí tagartha*
Léireoidh freagra den scoth tuiscint ar an gCríostaíocht trí chuntas cruinn a thabhairt ar dhá shlí ina bhfuil filleadh ar bhuntheachtaireacht Íosa ó Nazarat tar éis dul i bhfeidhm ar phobail Chríostaí sa lá atá inniu m.sh.

- Trí Trócaire agus Christian Aid oibríonn sainchreidimh de chuid na Críostaíochta i dtíortha i mbéal forbartha agus aithris á dhéanamh acu ar mhisean Íosa earraí a roinnt mar rogha eile ar rachmas a charnadh srl.
- Grúpaí Staidéir Bíobla – Cruinníonn Críostaithe le chéile chun foghlaim faoi agus éisteacht le scéalta faoi Chríost agus na rudaí a theagasc sé, rudaí a thugann a ndúshlán do Chríostaithe a saoil a chaitheamh sa lá atá inniu ann mar a chaith Íosa a shaol fadó srl.
- Srl.

| B (c) | SÁRMHAITH | AN-MHAITH | MAITH | RÉASÚNTA | LAG - AN LAG - GAN AON GHRÁD | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Fianaise ar MC — Dhá bhealach ina bhfuil filleadh ar bhunteachtaireacht Íosa ó Nazarat tar éis dul i bhfeidhm ar phobail Chríostaí | fianaise shubstaintiúil | fianaise an-mhaith | fianaise mhaith | fianaise leordhóthanach | fianaise uireasach | fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise |
| Baint | baint iomlán agus shoiléir | baint shoiléir | baint ghinearálta | baint theoranta | baint bheag | Gan bhaint |
| Úsáid scile(anna) chun cuntas cruinn a thabhairt | Cuntas sármhaith | Cuntas an-mhaith | cuntas maith | cuntas éigean | is beag an cuntas a thugtar | is fíorbheag cuntas a thugtar/ní thugtar cuntas |
| Cruinneas Fíorasach | gan aon mhór-earráid(í) | is an-bheag an earráid/na hearráidí atá ann | is beag na mór-earráidí atá ann | roinnt mór-earráidí ann | mórán mór-earráidí ann | earráid shubstaintiúil/earráidí substaintiúla ann |
| 20 marc x 2 | 20 - 17 | 16 - 14 | 13 - 11 | 10 - 8 | 7 - 5 | 4 - 0 |

**Roinn C (a)**
**Roghnaigh reiligiún amháin as Liosta A agus reiligiún amháin as Liosta B thíos:**
**Liosta A: ● An Chríostaíocht ● An Giúdachas**
**Liosta B: ● An Búdachas ● An Hiondúchas ● Ioslam**
**Cuir síos ar dheasghnáth amháin as gach ceann de na reiligiúin a roghnaigh tú as Liosta A agus Liosta B thuas, a chomórann an ócáid a dtagann ball nua isteach ina bpobal. 20M x2**

*Critéir Mharcála agus pointí tagartha*
Léireoidh freagra den scoth tuiscint ar thraidisiúin reiligiúnacha trí chuntas cruinn a thabhairt ar dheasghnátha a dhéanann ceiliúradh ar iontráil baill nua in dhá reiligiún atá liostaithe sa cheist m.sh.
Liosta A:

- An Chríostaíocht – Baisteadh; de ghnáth déantar an leanbh a ungadh le olaí agus a ghlanadh le huisce naofa, cuirtear clóca bán thart ar é/í ansin chun bheith ina shiombail ar ghlaineacht srl.
- An Giúdachas – Brit Milah, searmanas timpeallghearrtha do bhuachaill Giúdach ocht lá d'aois a mbíonn Mohel i bhfeighil air agus paidreacha is beannachtaí speisialta á rá le linn don leanbh a ainmniú srl.

Liosta B

- An Búdachas - searmanas ainmnithe sa Teampall áitiúil ina ndéanfaidh baill den sangha cantaireachtaí speisialta; siltear céir leáite isteach i mbabhla uisce; déantar bláthanna a ofráil srl.
- Hiondúchas - ceiliúrtar an searmanas ainmnithe 12 lá tar éis bhreith an linbh. Scríobhann an t-athair ainm dia an teaghlaigh, ainm agus d(h)áta breithe an linbh ar phláta speisialta. Deireann sé ainm an linbh i gcogar i gcluais dheis an linbh ansin srl.
- Ioslam – Searmanas Aqiqah nuair a bhíonn an leanbh seacht lá d'aois; bearrtar ceann an linbh agus tugtar meáchan na gruaige in airgead do na boicht; baisteann tuismitheoirí ainm ar a leanbh; ní mór timpeallghearradh a dhéanamh ar bhuachaillí srl.

Nóta: Glac le tagairt intuigthe doinsealbhú baill nua sna dhá reiligiúin liostáilte sa cheist.

| C (a) | SÁRMHAITH | AN-MHAITH | MAITH | RÉASÚNTA | LAG - AN LAG - GAN AON GHRÁD | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Fianaise ar MC - dhá dheasghnáth a dhéanann ceiliúradh ar bhaill nua a insealbhú isteach i ndá reiligiún ón liosta | fianaise shubstaintiúil | fianaise an-mhaith | fianaise mhaith | fianaise leordhóthanach | fianaise uireasach | fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise |
| Baint | baint iomlán agus shoiléir | baint shoiléir | baint ghinearálta | baint theoranta | baint bheag | Gan bhaint |
| Úsáid scile(anna) - chun cuntas cruinn a thabhairt | Cuntas sármhaith | Cuntas an-mhaith | cuntas maith | cuntas éigean | is beag an cuntas a thugtar | is fíorbheag cuntas a thugtar/ní thugtar cuntas |
| Cruinneas Fíorasach | gan aon mhór-earráid(í) | is an-bheag an earráid/ na hearráidí atá ann | is beag na mór-earráidí atá ann | roinnt mór-earráidí ann | mórán mór-earráidí ann | earráid shubstaintiúil/earráidí substaintiúla ann |
| 20 marc x 2 | 20 - 17 | 16 - 14 | 13 - 11 | 10 - 8 | 7 - 5 | 4 - 0 |

**Roinn C (b)**

**Breac achoimre ar bhunús agus ar phríomhchreidiúintí reiligiúnacha ceann amháin acu seo: ● Reiligiún Traidisiúnta Afracach ● Reiligiún Síneach ● Gluaiseacht Reiligiúnach Nua ● Creideamh Baha'i ● Reiligiún Suíceach 40M**

*Critéir Mharcála agus pointí tagartha*

Léireoidh freagra den scoth eolas ar ghluaiseacht reiligiúnach nua nó ar thraidisiún beo eile trí eolas cruinn a leagan amach ar bhunús agus ar chreideamh reiligiúnach aon reiligiúin/gluaiseachta amháin a liostaítear sa cheist e.g.

- Reiligiún Traidisiúnta Afracach – is féidir bunús a rianú siar go dtí a thraidisiúin bhéil, go creidimh reiligiúnacha ildiachais den chuid is mó, maisc, clocha, drumaí a úsáid srl. is féidir naofacht a bheith ag baint leo mar is léiriú iad ar spiorad a bheith i láthair agus seans go mbeidh siad ina gcosaint ar olc srl.
- Reiligiún Síneach – is féidir é a rianú siar go saothar Chonfúicias; é bunaithe ar thuiscint go bhfuil toil diaga ann lena gcaithfidh deisceabail ómós a thabhairt di srl.
- Gluaiseacht Reiligiúin Nua - 'nua' sa mhéid is go gcuireann siad iad féin i láthair mar rogha eile ar reiligiún institiúideach oifigiúil; 'cráifeach' sa mhéid is go maíonn siad go bhfuil fís reiligiúnach á tairiscint acu don domhan, agus go bhfuil siad in ann freagraí a thabhairt ar cheisteanna bunúsacha an tsaoil; m.sh. Chreid Charles Taze Russell, an té a bhunaigh na Finnéithe Iehova i dtreo dheireadh na 1800idí, gur cheart an Bíobla a léirmhíniú go litriúil agus gurb é an t-aon bhealach amháin chun slánú a bhaint amach ná chun stíl mhaireachtála mhorálta faoi dhiansmacht a chaitheamh atá dílis do theagasc Íosa srl.
- Creideamh Baha'i – is féidir bunús an chreidimh Baha'i a rianú siar go dtí Ali Mahamad agus Mirza-Hoseyn'Ali Nuri (Baha'u'llah); creideann siad gurb é an Baha'u'llah an té atá tofa ag Dia; caithfidh na baill staidéar a dhéanamh ar gach téacs reiligiúnach ar mhaithe le tuiscint a fháil ar conas a chomhlíonann Baha'u'llah tairngreachtaí níos luaithe srl.
- Creideamh na Suíceach – is féidir é a rianú siar go dtí na deich ngúrú, ag tosú le Gúrú Nanak; creideann siad go príomha sna trí dhualgas agus is iad sin Dia a thabhairt chun cuimhne, oibriú go macánta agus a bheith trócaireach srl.

Nóta: Ceadaigh freagraí tuairisciúla.

| C (b) | SÁRMHAITH | AN-MHAITH | MAITH | RÉASÚNTA | LAG - AN LAG - GAN AON GHRÁD | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Fianaise ar MC eolas ar an mbunú agus dhá chreideamh reiligiúnach nó níos mó d'aon reiligiún/ ghluaiseacht atá liostaithe. | fianaise shubstaintiúil | fianaise an-mhaith | fianaise mhaith | fianaise leordhóthanach | fianaise uireasach | fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise |
| Baint | baint iomlán agus shoiléir | baint shoiléir | baint ghinearálta | baint theoranta | baint bheag | Gan bhaint |
| Úsáid scile(anna) - leagadh amach an eolais | Eolas den scoth | eolas an-mhaith | eolas bailí | roinnt eolais | beagán eolais) | fíorbheagán/ gan aon eolas |
| Cruinneas Fíorasach | gan aon mhór-earráid(í) | is an-bheag an earráid/ na hearráidí atá ann | is beag na mór-earráidí atá ann | roinnt mór-earráidí ann | mórán mór-earráidí ann | earráid shubstaintiúil/ earráidí substaintiúla ann |
| 40 Marc | 40 - 34 | 33 - 28 | 27 - 22 | 21 - 16 | 15 - 10 | 9 - 0 |

**Roinn C (c)**
**Scrúdaigh an ról a imríonn dialóg idirchreidmheach sa chaidreamh idir reiligiún amháin as Liosta A agus reiligiún amháin as Liosta B thíos:**
**Liosta A: ● An Chríostaíocht ● An Giúdachas**
**Liosta B: ● An Búdachas ● An Hiondúchas ● Ioslam 40M**

*Critéir Mharcála agus pointí tagartha*
Léireoidh freagra den scoth léirthuiscint ar thábhacht an chomhphlé idirchreidimh trí bhreathnú go géar ar an ról a bhíonn ag idirphlé idirchreidmheach sa chaidreamh idir an dá reiligiún a roghnaítear sa cheist m.sh.

- An Chríostaíocht & Ioslam m.sh. Rinne an Pápa Eoin Pól II sa bhliain 1985 tagairt do Chaitlicigh agus do lucht leanúna an Ioslaim mar 'deartháireacha agus deirfiúracha i gcreideamh Abrahám' srl.
- Giúdachas & Ioslam e.g. An Cumann um Theacht le Chéile Idirchreidimh − tagann lucht leanúna an Ioslaim agus an Ghiúdachais le chéile chun féilte reiligiúnacha a cheiliúradh, mar shampla an troscadh (Iftar) le linn Ramadan Srl.
- Srl.

| C (c) | SÁRMHAITH | AN-MHAITH | MAITH | RÉASÚNTA | LAG - AN LAG - GAN AON GHRÁD | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Fianaise ar MC — an ról a bhíonn ag comhphlé idirchreidimh sa chaidreamh idir dhá cheann de na reiligiúin atá liostaithe | fianaise shubstaintiúil | fianaise an-mhaith | fianaise mhaith | fianaise leordhóthanach | fianaise uireasach | fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise |
| Baint | baint iomlán agus shoiléir | baint shoiléir | baint ghinearálta | baint theoranta | baint bheag | Gan bhaint |
| Úsáid scile(anna) - súil ghéar a chaitheamh | súil ghéar a caite go sármhaith | súil ghéar a caite go han-mhaith | súil ghéar a caite go maith | súil ghéar a caite go pointe | súil ghéar a caite go lag | súil ghéar a caite go han-lag/gan súil ghéar caite |
| Cruinneas Fíorasach | gan aon mhór-earráid(í) | is an-bheag an earráid/na hearráidí atá ann | is beag na mór-earráidí atá ann | roinnt mór-earráidí ann | mórán mór-earráidí ann | earráid shubstaintiúil/earráidí substaintiúla ann |
| 40 Marc | 40 - 34 | 33 - 28 | 27 - 22 | 21 - 16 | 15 - 10 | 9 - 0 |

**Roinn D (a)**

**● An Teaghlach ● Piaraí ● Reiligiún**

**Cuir síos ar an ról a dtig le dhá cheann acu seo thuas a imirt ar fhorbairt mhorálta duine. 20Mx2**

*Critéir Mharcála agus pointí tagartha*

Léireoidh freagra den scoth tuiscint ar fhorbairt mhorálta trí chuntas cruinn a thabhairt ar conas is féidir le dhá fhoinse atá liostaithe sa cheist (teaghlach, piaraí, reiligiún) páirt a ghlacadh i bhforbairt mhorálta duine m.sh.

- An Teaghlach – duine a mhúnlú ó aois an-óg gníomhú ar mhaithe le leas daoine eile agus aird a bheith acu ar iarmhairtí a gcuid gníomhartha srl.
- Piaraí – is féidir le gnásanna an tsochaí agus dearbhú daoine eile dul i bhfeidhm ar thuiscint an duine faoi cad atá ceart is cóir sa saol srl.
- Reiligiún – Má lorgaíonn duine treoir ó chód morálta nó ó theagasc i dtéacs naofa tá seans maith go bhfaightear samplaí iontu maidir le conas gníomhú go morálta i gcásanna éagsúla srl.

Nóta: Glac le freagraí tuairisciúla agus tagairt intuigthe d'fhorbairt mhoráltacht duine a mhúnlú.

| D (a) | SÁRMHAITH | AN-MHAITH | MAITH | RÉASÚNTA | LAG - AN LAG - GAN AON GHRÁD | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Fianaise ar MC — conas a théann dhá cheann de na foinsí liostaithe (teaghlach,piaraí, reiligiún) i bhfeidhm ar fhorbairt mhorálta | fianaise shubstaintiúil | fianaise an-mhaith | fianaise mhaith | fianaise leordhóthanach | fianaise uireasach | fíorbheagán fianaise/ gan aon fhianaise |
| Baint | baint iomlán agus shoiléir | baint shoiléir | baint ghinearálta | baint theoranta | baint bheag | Gan bhaint |
| Úsáid scile(anna) chun cuntas cruinn a thabhairt | Cuntas sármhaith | Cuntas an-mhaith | cuntas maith | cuntas éigean | is beag an cuntas a thugtar | is fíorbheag cuntas a thugtar/ní thugtar cuntas |
| Cruinneas Fíorasach | gan aon mhór-earráid(í) | is an-bheag an earráid/na hearráidí atá ann | is beag na mór-earráidí atá ann | roinnt mór-earráidí ann | mórán mór-earráidí ann | earráid shubstaintiúil /earráidí substaintiúla ann |
| 20 Marc x2 | 20 - 17 | 16 - 14 | 13 - 11 | 10 - 8 | 7 - 5 | 4 - 0 |

**Roinn D (b)**

**Breac achoimre ar conas a dtabharfá faoi cad atá ceart agus cad atá mícheart maidir le saincheist a chinneadh agus tú ag tarraingt ar dhá cheann de na teoiricí/fealsúnachtaí morálta seo: ● Eitic Dhualeolaíochta ● Héadónachas ● Dlí Nádúrtha ● Eitic Theileolaíoch ● Fóntachas ● Eitic Suáilcí 20Mx2**

*Critéir Mharcála agus pointí tagartha*

Léireoidh freagra den scoth eolas ar theoiricí morálta á gcur i ngnímh trí eolas cruinn a leagan amach ar conas mar a rachadh dhá cheann de na teoiricí morálta atá liostaithe i bhfeidhm ar dhuine agus cinneadh á dhéanamh aige/aici faoi cad atá ceart agus éigeart maidir le saincheist m.sh.

- Eitic Dhualeolaíochta – an dearcadh go bhfuil sé de dhualgas ar dhaoine cloí le gach dlí/cód srl.
- Héadónachas – an tuairim gurb é an gníomh ceart atá le déanamh ná an gníomh a mbeidh an toradh is taitneamhaí air srl.
- Dlí Nádúrtha – an tuairim gur féidir le duine idirdhealú a dhéanamh idir ceart agus éigeart trí dul i muinín na réasúnaíochta chun machnamh a dhéanamh ar an nádúr srl.
- Eitic Theileolaíoch – an tuairim go meastar gníomh a bheith ceart nó mícheart i bhfianaise a n-iarmhairtí; má tá sé cabhrach ó thaobh duine a bhogadh i dtreo an sprioc nó an aidhm is mó atá acu srl.
- Fóntachas – an tuairim gurb é an rud atá ceart in aon chás faoi leith ná an gníomh a dhéanfaidh an leas is mó don líon is mó daoine srl.
- Eitic Suáilcí – an dearcadh gurb ionann an rud ceart a dhéanamh in aon chás faoi leith agus an rud a chabhraíonn le duine maireachtáil go suáilceach srl.

| D (b) | SÁRMHAITH | AN-MHAITH | MAITH | RÉASÚNTA | LAG - AN LAG - GAN AON GHRÁD | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Fianaise ar MC — Conas a théann dhá theoiric mhorálta i mbun cinneadh a dhéanamh faoi atá ceart agus mícheart maidir le saincheist. | fianaise shubstaintiúil | fianaise an-mhaith | fianaise mhaith | fianaise leordhóthanach | fianaise uireasach | fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise |
| Baint | baint iomlán agus shoiléir | baint shoiléir | baint ghinearálta | baint theoranta | baint bheag | Gan bhaint |
| Úsáid scile(anna) - leagadh amach an eolais | eolas leagtha amach go sármhaith | eolas leagtha amach go han-mhaith | eolas leagtha amach go maith | roinnt eolais leagtha amach | is beag an t-eolas atá leagtha amach | is an-beag an t-eolas atá leagtha amach/ní leagtar eolas amach |
| Cruinneas Fíorasach | gan aon mhór-earráid(í) | is an-bheag an earráid/na hearráidí atá ann | is beag na mór-earráidí atá ann | roinnt mór-earráidí ann | mórán mór-earráidí ann | earráid shubstaintiúil/earráidí substaintiúla ann |
| 20 marc x 2 | 20 - 17 | 16 - 14 | 13 - 11 | 10 - 8 | 7 - 5 | 4 - 0 |

**Roinn D (c)**
**Scrúdaigh an chaoi a dtabharfadh duine atá aibí go morálta faoi cad atá ceart agus cad atá mícheart a chinneadh maidir le ceann amháin de na saincheisteanna seo:**
**● Coireacht agus Pionós ● Eitic Mhíochaine ● Polaitíocht agus Eacnamaíocht**
**● Caidreamh agus Gnéasacht ● Foréigean agus Cogadh 40M**

*Critéir Mharcála agus pointí tagartha*
Léireoidh freagra den scoth feasacht ar shaincheisteanna morálta trí bhreathnú go géar ar an gcaoi a rachadh duine atá aibí ó thaobh moráltachta de i ngleic le cinnteoireacht faoi cad atá ceart agus mícheart maidir le ceann de na saincheisteanna a liostaítear sa cheist m.sh.

- Coireacht agus Pionós – d'fhéadfadh duine soilíosach cur i gcoinne dlí éagórach más léir dóibh go bhfuil sé de dhualgas orthu leas an uile dhuine a chur chun cinn srl.
- Eitic Mhíochaine – d'fhéadfadh duine atá aibí ó thaobh na moráltachta dul i gcomhairle le cóid mhorálta, le múineadh na n-údarás morálta, srl. agus cinneadh á dhéanamh maidir le cé acu ar cheart dóibh glacadh le nó cur i gcoinne deireadh a chur le saol duine ar mhaithe le tuilleadh fulaingthe a chosc srl.
- Polaitíocht agus Eacnamaíocht – d'fhéadfadh duine soilíosach oibriú i dtreo cothromaíocht a bhaint amach idir cearta an duine aonair agus an leas coiteann srl.
- Caidrimh agus Gnéasacht – a d'fhéadfadh duine atá aibí ó thaobh na moráltachta de obair ar mhaithe le meas i leith comhionannais do chách a chur chun cinn srl.
- Cogaíocht agus Foréigean– ba dhual do dhuine atá aibí ó thaobh na moráltachta nahiarmhairtí a thabhairt san áireamh agus cinneadh á dhéanamh maidir le húdar a bheith lecogaíocht/ foréigean i gcúinse ar bith srl.

Nóta: Glac le freagraí tuairisciúla; an modh RÉALTA/ ÉISTEACHT; tagairt intuigthe don chur chuige a tógadh i leith cinnteoireachta srl.

| D (c) | SÁRMHAITH | AN-MHAITH | MAITH | RÉASÚNTA | LAG - AN LAG - GAN AON GHRÁD | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Fianaise ar MC — conas a rachadh duine soilíosach i mbun cinneadh morálta a dhéanamh maidir le saincheist ón liosta | fianaise shubstaintiúil | fianaise an-mhaith | fianaise mhaith | fianaise leordhóthanach | fianaise uireasach | fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise |
| Baint | baint iomlán agus shoiléir | baint shoiléir | baint ghinearálta | baint theoranta | baint bheag | Gan bhaint |
| Úsáid scile(anna) - súil ghéar a chaitheamh | súil ghéar caite go sármhaith | súil ghéar caite go han-mhaith | súil ghéar caite go maith | súil ghéar caite go pointe | súil ghéar caite go lag | súil ghéar caite go han-lag/gan súil ghéar caite |
| Cruinneas Fíorasach | gan aon mhór-earráid(í) | is an-bheag an earráid/na hearráidí atá ann | is beag na mór-earráidí atá ann | roinnt mór-earráidí ann | mórán mór-earráidí ann | earráid shubstaintiúil/earráidí substaintiúla ann |
| 40 Marc | 40 - 34 | 33 - 28 | 27 - 22 | 21 - 16 | 15 - 10 | 9 - 0 |

## AONAD A TRÍ

Caithfidh iarrthóirí freagra a thabhairt ar chuid a) nó ar chuid b) ó cheann **amháin** de na ceithre roinn seo a leanas.

**Roinn F (a) (i)**
**Úsáid samplaí agus mínigh an difríocht idir neamhfhoréigean mar stíl mhaireachtála agus neamhfhoréigean mar agóid. 20Mx2**

*Critéir Mharcála agus pointí tagartha*
Léireoidh freagra den scoth tuiscint ar dhearcthaí ar cheartas agus ar shíocháin trí chúis chruinn a thabhairt a thugann míniúar an difríocht idir neamhfhoréigean mar stíl mhaireachtála agus neamhfhoréigean ar bhonn agóide, agus leas á mbaint as samplaí m.sh.

- Nuair a ghlacann duine neamhfhoréigean chuige/chuicí féin mar mhodh maireachtála is léiriú é go bhfuil an neamhfhoréigean mar dhlúthchuid dá f(h)ealsúnacht saoil m.sh. síochánachas srl.
- Is éard atá i gceist le neamhfhoréigean ar bhonn agóide ná agóid a dhéanamh i gcoinne staid éagórach ar bhealach síochánta m.sh.. slógadh ag a ndéantar agóidíocht go síochánta in aghaidh fiacha i dtír i mbéal forbartha srl.

Nóta: Glac le tagairt intuigthe do shamplaí.

| F (a) (i) | SÁRMHAITH | AN - MHAITH | MAITH | RÉASÚNTA | LAG - AN LAG - GAN AON GHRÁD | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| *Fianaise ar MC* — fáthanna is cúis le difríocht a bheith idir neamhfhoréigean mar mhodh maireachtála agus neamhfhoréigean mar agóid. | fianaise shubstaintiúil | fianaise an-mhaith | fianaise mhaith | fianaise leordhóthanach | fianaise uireasach | fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise |
| *Baint* | baint iomlán agus shoiléir | baint shoiléir | baint ghinearálta | baint theoranta | baint bheag | Gan bhaint |
| *Úsáid scile(anna)* eolas cruinn leagtha amach | Fáthanna den scoth | Fáthanna an-mhaith | Fáthanna maithe | roinnt fáthanna | is beag fáth a thugtar | is fíorbheag fáth a thugtar/ní thugtar fáth ar bith |
| *Cruinneas Fíorasach* | gan aon mhór-earráid(í) | is an-bheag an earráid/ na hearráidí atá ann | is beag na mór-earráidí atá ann | roinnt mór-earráidí ann | mórán mór-earráidí ann | earráid shubstaintiúil/earráidí substaintiúla ann |
| 40 Marc | 40 - 34 | 33 - 28 | 27 - 22 | 21 - 16 | 15 - 10 | 9 - 0 |
| 20 marc x 2 | 20 - 17 | 16 - 14 | 13 - 11 | 10 - 8 | 7 - 5 | 4 - 0 |

**Roinn F (a) (ii)**

**● Neamhfhoréigean mar Stíl Mhaireachtála ● Neamhfhoréigean mar Agóid**

**Déan cur síos ar shampla den chaoi ar úsáideadh ceann amháin de na cineálacha neamhforéigin thuas chun síocháin a chruthú san áit a raibh coimhlint. 40M**

*Critéir Mharcála agus pointí tagartha*

Léireoidh freagra den scoth eolas ar dhearcthaí reiligiúnacha ar cheartas agus ar shíocháin trí chuntas cruinn a thabhairt ar an gcaoi ar úsáideadh neamhfhoréigean mar stíl mhaireachtála nó neamhfhoréigean ar bhonn agóide d'fhonn síocháin a thabhairt chuig cás ina raibh daoine in adharca a chéile m.sh.

- Neamhfhoréigean mar Stíl Mhaireachtálaaitheasc an Dalai Lama i ndiaidh tubaiste 9/11 i Nua Eabhrac in 2001 srl.
- Neamhfhoréigean mar Agóid — Chuir an Dochtúir Martin Luther King i gcoinne idirdhealú ciníoch trí agóidí síochánta a chur ar bun srl.

| F (a) (ii) | SÁRMHAITH | AN-MHAITH | MAITH | RÉASÚNTA | LAG - AN LAG - GAN AON GHRÁD | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Fianaise ar MC — conas a úsáideadh neamhfhoréigean mar stíl mhaireachtála nó neamhfhoréigean mar agóid chun síocháin a thabhairt chuig cás ina raibh daoine in adharc a chéile | fianaise shubstaintiúil | fianaise an-mhaith | fianaise mhaith | fianaise leordhóthanach | fianaise uireasach | fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise |
| Baint | baint iomlán agus shoiléir | baint shoiléir | baint ghinearálta | baint theoranta | baint bheag | Gan bhaint |
| Úsáid scile(anna) – chun cuntas cruinn a thabhairt | Cuntas sármhaith | Cuntas an-mhaith | cuntas maith | cuntas éigean | is beag an cuntas a thugtar | is an-bheag an cuntas a thugtar/ní thugtar cuntas |
| Cruinneas Fíorasach | gan aon mhór-earráid(í) | is an-bheag an earráid/ na hearráidí atá ann | is beag na mór-earráidí atá ann | roinnt mór-earráidí ann | mórán mór-earráidí ann | earráid shubstaintiúil/earráidí substaintiúla ann |
| 40 Marc | 40 - 34 | 33 - 28 | 27 - 22 | 21 - 16 | 15 - 10 | 9 - 0 |

**Roinn F (b) (i)**

**● An Chóir mar Chur Chun Cinn na Cothroime ● An Chóir mar Ghaol Ceart**

**Breac achoimre ar an láidreacht agus an laige ar leith a bhaineann le gach ceann de na tuiscintí thuas ar an gcóir, agus dea-chaidreamh idir dhaoine á chur chun cinn. 20Mx2**

*Critéir Mharcála agus pointí tagartha*

Léireoidh freagra den scoth eolas ar dhearcthaí ar cheartas trí eolas cruinn a leagan amach ar phríomh-láidreacht agus ar phríomh-laige maidir le dea-chaidreamh a chothú idir daoine i ngach ceann de na tuiscintí ar an gceartas atá liostaithe sa cheist m.sh.

- An Chóir mar Chur Chun Cinn na Cothroime – tá na cearta céanna ag gach duine beag beann ar inscne, cine srl. Láidreacht: cuireann sé cómhaireachtáil shíochánta chun cinn srl.; Laige: tá gá le hidirdhealú dearfach ar uairibh srl.
- An Chóir mar Ghaol Ceart – sraith caidrimh atá curtha san ord ceart; Neart: cuireann sé comhionannas agus meas ar gach duine sa tsochaí chun cinn; Laige: cuireann éagóir bac ar chaidreamh maith & ceart srl.

| F (b) (i) | SÁRMHAITH | AN-MHAITH | MAITH | RÉASÚNTA | LAG - AN LAG - GAN AON GHRÁD | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Fianaise ar MC — an láidreacht agus an laigeacht atá aige ó thaobh dea-chaidreamh idir dhaoine á chur chun cinn maidir leis na tuiscintí ón liosta ar cad is ceartas ann | fianaise shubstaintiúil | fianaise an-mhaith | fianaise mhaith | fianaise leordhóthanach | fianaise uireasach | fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise |
| Baint | baint iomlán agus shoiléir | baint shoiléir | baint ghinearálta | baint theoranta | baint bheag | Gan bhaint |
| Úsáid scile(anna) – chun eolas cruinn a leagan amach | Eolas den scoth | eolas an-mhaith | eolas bailí | roinnt eolais | beagán eolais | fíorbheagán/ gan aon eolas |
| Cruinneas Fíorasach | gan aon mhór-earráid(í) | is an-bheag an earráid/ na hearráidí atá ann | is beag na mór-earráidí atá ann | roinnt mór-earráidí ann | mórán mór-earráidí ann | earráid shubstaintiúil/earráidí substaintiúla ann |
| 20 Marcx2 | 20 - 17 | 16 - 14 | 13 - 11 | 10 - 8 | 7 - 5 | 4 - 0 |

**Roinn F (b) (ii)**

**● An tSabóid, Schmittah agus an Iubhaile sa Ghiúdachas ● Cúig Fhoraithne an Bhúda**
**● Leasionadaí Rí an Domhain in Ioslam**

**Úsáid samplaí agus scrúdaigh conas is féidir tionchar dhá cheann de na teagaisc reiligiúnacha thuas a fheiceáil in iompar creidmheach an lae inniu. 20Mx2**

*Critéir Mharcála agus pointí tagartha*

Léireoidh freagra den scoth tuiscint ar theagasc na mórthraidisiún reiligiúnach trí chíoradh a dhéanamh ar conas atá tionchar an dá theagasc reiligiúnach atá liostaithe sa cheist le sonrú sna samplaí d'iompar na gcreidmheach sa lá atá inniu ann m.sh.

- An tSabóid, Schmittah agus an Iubhaile sa Ghiúdachas – Seans go n-íosfadh creidmhigh go hinbhuanaithe agus go dtabharfaidís aire don domhan má ghlac siad leis an bprionsabal gur le Dia an domhan srl.
- Cúig Fhoraithne an Bhúda – d'fhéadfadh an smaoineamh go bhfuil sé mícheart dochar a dhéanamh d'aon neach beo dul i bhfeidhm ar Bhúdaigh sa mhéid is go n-éiríonn siad ina síochánaithe agus go staonann siad ó dhíobháil a dhéanamh d'aon duine nó d'ainmhí e.g. veigeatóireachas srl.
- Leasionadaí Rí an Domhain in Ioslam – an smaoineamh gur fhógair Allah go bhfuil sé de dhualgas ar gach duine aire a thabhairt don domhain a chruthaigh sé agus d'fhéadfadh sé sin dul i bhfeidhm ar chreidmhigh sa mhéid is go spreagann sé iad chun aire thabhairt don timpeallacht trí athchúrsáil a dhéanamh agus a n-astuithe carbóin a laghdú srl.

| F (b) (ii) | SÁRMHAITH | AN-MHAITH | MAITH | RÉASÚNTA | LAG - AN LAG - GAN AON GHRÁD | |
|---|---|---|---|---|---|---|
